2024/2670

9.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2670 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Deireadh Fómhair 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 an 18 Iúil 2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó [1], agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(2) Tar éis bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta i gcásanna T-88/23 agus T-89/23, ba cheart dhá iontráil a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

VARGA M.

[1] IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ('LIOSTA NA nDAOINE NÁDÚRTHA NÓ DLÍTHEANACHA, NA nEINTITEAS AGUS NA gCOMHLACHTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2b'), scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine seo a leanas ón liosta a leagtar amach i Roinn A ('Daoine'):

'5. Evariste BOSHAB

6. Alex Kande MUPOMPA'.